Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2023
(OR. en)

14692/23
PV CONS 50
AGRI 648
PECHE 475

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

23 agus 24 Deireadh Fómhair 2023

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 23 DEIREADH FÓMHAIR 2023**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach i ndoiciméad 14003/23 + COR 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 14239/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.
Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 14241/23

Iompar

**1. Athbhreithniú ar an Treoir maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide** ❶C 14005/23 PE-CONS 35/23 TRANS
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 18.10.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 91 CFAE).

Fostaíocht agus Beartas Sóisialta

**2. Treoir maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 18.10.2023

⓿C 13888/23 + ADD 1
PE-CONS 48/23
SOC

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (a) CFAE), agus an Bhulgáir, an Ungáir agus an Pholainn ag staonadh ón vótáil. Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

**3. Treoir maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais arna dtabhairt i gcrích go cianda**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 18.10.2023

⓿C 13942/1/23 REV 1
+ REV 1 ADD 1
PE-CONS 37/23
CONSOM

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**4. Rialachán maidir le bannaí glasa Eorpacha (EuGB)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 18.10.2023

⓿C 13940/23
+ ADD 1
+ ADD 2 REV 1
PE-CONS 27/23
EF

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE), agus an Ghearmáin, Lucsamburg agus an Ostair ag staonadh ón vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Gnóthaí Eachtracha

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **Síneadh a chur leis an rialachán maidir le Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 18.10.2023 | ❶C | 13941/23<br>PE-CONS 54/23<br>POLCOM |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **Rialachán maidir le hionstraim frithchomhéigin**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 18.10.2023 | ❶C | 13939/23<br>+ ADD 1-2<br>PE-CONS 34/23<br>COMER |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

<u>IASCACH</u>

**3. Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2024** [C] 14259/23 12451/23 + ADD 1 14024/1/23 REV 1
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airt. 43(3) CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2024.

4. Cruinniú Bliantúil ICCAT 13780/23 + COR 1
(Caireo Nua, an Éigipt, an 13-20 Samhain 2023)
*Seisiún Tuairimíochta*

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

<u>TALMHAÍOCHT</u>

**5. An Treoir Réime Dramhaíola - gnéithe a bhaineann le bia** [❶][C] 13994/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*
*Seisiún Tuairimíochta*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir leis na gnéithe den Treoir Réime Dramhaíola a bhaineann le bia, agus bhí seisiún tuairimíochta aici maidir leis na gnéithe sin ar bhonn an nóta ón Uachtaránacht (13994/23).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin[1] — 14087/1/23 REV 1
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Seisiún Tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

Talmhaíocht

**7. (a) Tionchar mhargadh carbóin an Aontais ar an earnáil talmhaíochta agus ar an tionscal agraibhia** [2] — 13930/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Polainne ar fáil maidir le tionchar mhargadh carbóin an Aontais ar earnáil na talmhaíochta agus ar an tionscal agraibhia. Thug an Chomhairle dá haire freisin an méid a bhí le rá faoi sin ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

(b) Torthaí chruinniú V4 na n-airí atá freagrach as an talmhaíocht — 14236/23
(Znojmo, Poblacht na Seice, an 26 Meán Fómhair 2023)
*Faisnéis ó thoscaireacht na Seicia thar ceann thoscaireachtaí Phoblacht na Seice, na hUngáire, na Polainne agus na Slóvaice*

(c) A bhfuil i ndán don fheirmeoireacht orgánach — 14304/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Liotuáine, le tacaíocht ó thoscaireacht na Bulgáire, na Cróite, na Cipire, na Seicia, na Danmhairge, na Fionlainne, na hUngáire, na Laitvia, Mhálta, na Rómáine agus na Sualainne*

(d) Sásra tacaíochta airgeadais *ad hoc* éifeachtúil, solúbtha agus simplí a bhunú i gcás géarchéime — 14350/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Cróite agus na Slóivéine, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cipire, na Gréige, na hUngáire, Mhálta agus na Portaingéile*

---

[1] Agus Aire Beartais Talúntais agus Bia na hÚcráine i láthair

**(e)** **Comhaontú nua d'Fheirmeoirí – conas dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh earnáil feirmeoireachta an Aontais i láthair na huaire** [2] 14320/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na hOstaire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hOstaire ar fáil maidir le conas dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair d'earnáil feirmeoireachta an Aontais. Thug an Chomhairle dá haire freisin an méid a bhí le rá faoi sin ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

**(f)** **Tograí reachtacha reatha**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Rialachán maidir le deimhniú aistrithe carbóin: Gnéithe a bhaineann leis an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht - staid na himeartha** ❶ C 14367/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis na forbairtí is déanaí sa phlé sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa maidir leis na gnéithe den togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais d'aistrithe carbóin a bhaineann leis an talmhaíocht agus leis an bhforaoiseacht. Thug sí dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

(g) Clár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2024 maidir le beartas cur chun cinn an Aontais i gcás táirgí agraibhia 14469/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na hIodáile*

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 24 DEIREADH FÓMHAIR 2023**

IASCACH

3. (ar lean) **Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2024**
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airt. 43(3) CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

[C] 14259/23
12451/23 + ADD 1
14024/1/23 REV 1

Féach leathanach 4.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 14241/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

"Leis an leasú ar an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair tugtar isteach tagairt nua do 'snáithíní ar lú a dtrastomhas ná 0.2 micriméadar'. Ós rud é go gcinnfear, nuair a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse 6 bliana, líon na snáithíní de réir luach uimhriúil an trastomhais is ísle, ba chabhair é dá mbeadh sainiú déanta ar an luach sin freisin faoi chuimsiú na Treorach, seachas é a fhágáil faoi na Ballstáit aonair.

Is amhlaidh atá toisc, gan sonrú a bheith déanta ar trastomhas is ísle, go bhfaighidh stáisiúin faireacháin éagsúla torthaí tomhais éagsúla, ag brath ar an sainiú náisiúnta agus an modh meastóireachta. Ós rud é go ndéanfar na cinntí sin ar bhonn náisiúnta, ní bheifear in ann na torthaí ar anailís a rinne Ballstát amháin a úsáid i mBallstát eile.

Dá bhrí sin, chun deimhneacht dhlíthiúil agus inchomparáideacht tiúchan snáithíní a choimeád ar fud an Aontais, agus chun go mbeifí in ann an fhorbairt ar mhodhanna náisiúnta agus cláir thomhais don mhodh comhairimh níos beaichte nua le haghaidh snáithíní aispeiste a chur i gcrích laistigh den idirthréimhse 6 bliana, b'fhearr dá mbeadh sainiú déanta, ar leibhéal an Aontais, ar an trastomhas is ísle.
Cé nach amhlaidh atá anois, molaimid go mbeadh cur chuige comhpháirteach comhordaithe i measc na mBallstát i ndáil leis an méid sin. Is é ár dtuairim go bhféadfaí 50 nm a shocrú mar luach don trastomhas is ísle. Ar an gcaoi sin chuirfí san áireamh ábhair imní maidir leis an anailís chomh maith le hábhair imní thocsaineachta agus shocheacnamaíocha."

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le conarthaí seirbhísí airgeadais arna dtabhairt i gcrích go cianda**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

"Deimhníonn an Iodáil go dtacaíonn sí leis an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air maidir leis an dréacht-Treoir lena leasaítear Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE, rud a léirítear i dtoradh na vótála i bParlaimint na hEorpa an 5 Deireadh Fómhair 2023.

Cé nach bhfuilimid baileach sásta leis na rialacha uile dá bhforáiltear sa dréacht-Treoir, measaimid gur téacs reachtach atá ciallmhar cothrom ar an iomlán é.

Mar sin féin, iarraimid ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit le linn phróiseas an trasuí d'fhonn tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn ag an gcéim sin. Beidh éifeachtacht na rialacha nua ag brath ar iad a bheith á gcur i bhfeidhm go cuí, agus le tacaíocht ón gCoimisiún, féadfar glacadh cur chuige aonfhoirmeach a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin arbatráiste neamhbheartaithe rialála a sheachaint a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a ilroinnt. Go deimhin, ba mhaith linn a chur in iúl gurb é príomhchuspóir eile an togra reachtaigh seo, sa bhreis ar mhuinín sna margaí airgeadais a neartú trí thomhaltóirí a chosaint ar na rioscaí a bhaineann leis an digitiú, saorghluaiseacht seirbhísí airgeadais sa mhargadh aonair a fheabhsú a thuilleadh, rud a chruthóidh cothrom iomaíochta do ghníomhaíochtaí comhchosúla agus do rioscaí comhchosúla i measc na n-oibreoirí éagsúla."

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Rialachán maidir le bannaí glasa Eorpacha (EuGB)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

"Ós amhlaidh gur gá cosc a chur ar an nglas-snasú ar mhargadh na mbannaí, gur gá an t-arbatráiste a sheachaint i measc catagóirí éagsúla urrús nach urrús cothromais iad, agus in éagmais córas nochta comhchuibhithe do bhannaí, do dhíorthaigh, agus d'urrúis eile nach urrús cothromais iad a fhógraítear mar nithe a chuireann fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais san áireamh nó a shaothraíonn cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún aici scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún i gcás an cheanglais maidir le faisnéis a sholáthar faoi chúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais sa Réamheolaire le haghaidh urrúis nach urrús cothromais iad i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an nGníomh um Liostú."

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

"Tá an Ghearmáin den tuairim nach bhfuil an fuinneamh núicléach inbhuanaithe. Cé go n-aithnímid go bhfuil nasc idir an caighdeán Eorpach maidir le bannaí glasa agus an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ní mheasaimid gurb iomchuí fuinneamh núicléach a áireamh chun caighdeán óir maidir le bannaí glasa a chruthú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an nGearmáin tacú leis an gcomhaontú polaitiúil i ndáil leis an Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha ina iomláine."

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

"Tacaímid le bearta a chuideoidh le hacmhainní airgeadais a dhíriú i dtreo na hinbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, tá dearcadh dearfach ag an Ostair freisin i ndáil leis an gCaighdeán Eorpach maidir le Bannaí Glasa. Mar sin féin, bhí sé mar sprioc i gcónaí againn tacsanomaíocht inchreidte, eolaíochtbhunaithe a bhunú agus ní aontaímid gur féidir le hinfheistíochtaí núicléacha a cháiliú mar ghníomhaíochtaí aistrithe. Is díol sásaimh dúinn na hoibleagáidí maidir le nochtadh le haghaidh na n-infheistíochtaí sin a áirítear sa téacs, cé go bhféadfaidís a bheith níos feiceálaí. Tugaimid urraim iomlán don cheannasacht náisiúnta agus don dlí Eorpach agus idirnáisiúnta maidir le beartais fuinnimh náisiúnta, ach measaimid gur glas-snasú é gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú mar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe i gcomhthéacs na cumhachta núicléiche."

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

"Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige déileáil le haon sainordú a d'fhéadfadh a bheith ann chun iarscríbhinní caighdeánaithe a fhorbairt maidir le faisnéis chomhshaoil, shóisialta agus rialachais a nochtadh go pras i Réamheolaire an Aontais, agus an taithí leis na treoirlínte deonacha a ullmhaíodh le haghaidh bannaí glasa sa Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha á cur san áireamh."

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Rialachán maidir le hionstraim frith-chomhéigin**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le Rialachán (AE) 2023/... maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha**

"Féadfaidh comhéigean eacnamaíoch difear a dhéanamh d'aon réimse de ghníomhaíochtaí an Aontais nó Ballstáit agus d'fhéadfadh impleachtaí casta polaitiúla, eacnamaíocha agus dlíthiúla a bheith ag baint leis. Is freagairt riachtanach agus éifeachtach é an Rialachán sin ar an gcomhéigean eacnamaíoch agus oibríonn sé trí dhíspreagadh ach d'fhéadfadh glacadh frithbheart a bheith mar thoradh air, i gcás inar gá mar rogha dheireanach. Níl aon fhasach ag an Rialachán seo, tá sé ceaptha go cúramach agus aird chuí á tabhairt ar impleachtaí suntasacha na gcásanna comhéigin eacnamaíoch. Dá bhrí sin, tá an Rialachán seo agus na cineálacha cur chuige atá ann, go háirithe cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle faoi Airteagal 4, bainteach go docht le hábhar agus ní hionann iad agus fasach do chomhaid reachtacha eile bunaithe ar Airteagal 207 CFAE, ná do na gníomhartha sin a mholadh. Sa tslí chéanna, ní dhéanann na rialacha maidir le húsáid an nós imeachta scrúdúcháin i ndáil le bearta freagartha an Aontais a comhaontaíodh san ionstraim seo réamhbhreith ar thoradh na caibidlíochta reachtaí eile atá ar siúl nó a bheidh ann amach anseo agus ní mheasfar mar fhasach iad do chomhaid reachtacha eile. Dá bhrí sin, ní mheasfar gur fasach é an Rialachán seo le haghaidh gníomhartha eile."

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le húsáid nós imeachta scrúdúcháin le haghaidh bearta freagartha an Aontais faoi Rialachán (AE) 2023/XXX maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha**

"Tá an Coimisiún tiomanta do bheith ag comhoibriú go dlúth le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus le Ballstáit an Aontais agus Ionstraim Frith-chomhéigin an Aontais á cur i bhfeidhm, ag gach céim, de réir na rialacha agus na ndea-chleachtas is infheidhme. Tugann an Coimisiún dá aire go dtacóidh freagairt aontaithe ón Aontas le príomhghnéithe na hionstraime, mar atá, díspreagadh agus éifeachtacht, agus go mbeidh sé ar an gceann is iomchuí i bhfianaise chineál íogair na hionstraime.

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go láidir, i gcomhthéacs an Rialacháin seo, gur féidir teacht ar réitigh a bhfuil an tacaíocht is leithne is féidir acu i bhfianaise chineál agus thionchar ghníomhaíocht an Aontais faoin rialachán. Chun an rialachán seo a chur i bhfeidhm, is gá measúnú a dhéanamh ar ábhair chasta eacnamaíocha, beartais agus dlí, rud a chuireann spás mór ar fáil maidir le réitigh a roghnú, go háirithe iad siúd a bhfuil an tacaíocht is leithne is féidir acu ó Bhallstáit an Aontais.

I ndáil leis an méid sin, agus a chumhachtaí cur chun feidhme faoin rialachán á bhfeidhmiú aige, agus de réir na rialacha agus na bprionsabal ginearálta arna mbunú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle agus arna leagan síos i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar dheiseanna luatha éifeachtacha a thabhairt do choiste Bhallstáit an Aontais scrúdú a dhéanamh ar aon dréachtghníomh cur chun feidhme agus tuairimí a chur in iúl sula ndéanfar vótáil agus, i gcónaí, chun oibriú i dtreo réitigh a mbeidh an tacaíocht is leithne is féidir acu ó Bhallstáit an Aontais laistigh den choiste. Faoi réir cosaint faisnéise rúnda, an anailís ar na bearta atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 13(4), cuirfidh an Coimisiún í ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go pras nuair a chuirfear faoi bhráid na mBallstát iad. I gcás ina mbaineann bearta freagartha beartaithe an Aontais leis na bearta sin a bhfuil cur síos orthu in Airteagal 8(4), tarraingeoidh an Coimisiún aird Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle air sin.

Thairis sin, i gcás nach dtugann coiste aon tuairim maidir le dréachtghníomh cur chun feidhme, tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar na tuairimí a cuireadh in iúl laistigh den choiste agus tabharfaidh sé tús áite d'fhilleadh ar an gcoiste le dréachtghníomh leasaithe chun a áirithiú go dtabharfar an tacaíocht is leithne is féidir do thuairim dhearfach trí chomhthoil nó trí thromlach cáilithe i bhfabhar maidir le dréachtghníomh leasaithe. Más gá dul i muinín an choiste achomhairc, tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar na tuairimí a cuireadh in iúl laistigh den choiste achomhairc agus oibreoidh sé i dtreo bearta a ghlacadh atá bunaithe ar an tacaíocht is leithne is féidir do thuairim dhearfach trí chomhthoil nó trí thromlach cáilithe i bhfabhar. I gcás nach dtabharfaidh an coiste achomhairc tuairim uaidh maidir le dréachtghníomh cur chun feidhme, gníomhóidh an Coimisiún ar shlí ina seachnófar dul i gcoinne aon seasaimh cheannasaigh laistigh den choiste achomhairc, ar seasamh é a bheadh in aghaidh oiriúnacht dréachtghnímh chur chun feidhme."

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna 'B'**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2024**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airt. 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* |

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le scadán i Muir na Boitnia agus scadán Mhuir Bhailt Láir**

"Tugann an Coimisiún dá aire an cinneadh ón gComhairle gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a shocrú ar leibhéil ísle i gcás scadáin i Muir na Boitnia agus scadán Mhuir Bhailt Láir, mar aon le bearta ceartaitheacha atá dírithe ar na stoic sin a athbhunú go leibhéil os cionn MYS $B_{trigger}$.

Mar sin féin, is oth leis an gCoimisiún nár chinn an Chomhairle an t-iascach spriocdhírithe a dhúnadh le haghaidh an dá stoc le haghaidh 2024, rud a chuideodh le téarnamh níos gasta maidir leis na stoic."

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le pleananna ilbhliantúla**

"Tuigeann an Coimisiún an fáth a ndéanann na Ballstáit iarrataí tograí a thíolacadh le haghaidh leasú spriocdhírithe ar an bplean ilbhliantúil le haghaidh Muir Bhailt, na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair. Meabhraítear don Choimisiún go bhfuil an ceart maidir le tionscnamh reachtach aige i gcomhréir leis an gConradh. Is faoin gCoimisiún atá sé aird a thabhairt ar uainiú agus ábhar aon togra mar sin atá le tíolacadh."

**Dearbhú ón gCoimisiún, ón bhFionlainn agus ón tSualainn maidir le bainistiú na n-iascach bradán i bhforanna 29N agus 30**

"Measann an Fhionlainn agus an tSualainn gur raibh galar ar stoc bradán Ljungan, ach gur éirigh cúrsaí níos fearr i dtaca leis an stoc in 2023 nuair a bhí báire sceite níos mó ann agus, meastar, líon níos mó gealóg ann.

Measann an Fhionlainn agus an tSualainn freisin gur lú, i dtaca le stoc bradán Ljungan, a bhraitheann an dóchúlacht go mbainfear $B_{lim}$ amach ar bhásmhaireacht iascaireachta. Dá bhrí sin, tá siad den bharúil go bhfuil bearta bainistíochta spriocdhírithe níos éifeachtaí i dtaca le téarnamh stoc bradán Ljungan.

Measann an Fhionlainn agus an tSualainn gur srian mór é gan tosú ar iascaireacht bradán tráchtála agus áineasa go dtí an 20 Bealtaine 2024 le hais tús a chur léi an 1 Bealtaine mar atá molta ag ICES. Dá ndéanfaí sin, measann siad go bhféadfadh bradáin fhiáine luachmhara móra imirce a dhéanamh níos luaithe, lena n-áirítear bradáin aonair as stoc bradán Ljungan a bheith ag tarraingt ar na haibhneacha inar sceitheadh iad, sula gcuirfear tús le hiascach bradán. Thairis sin, bheadh an tSualainn ullamh le srianta réigiúnacha ar iascaireacht bradán a chur chun feidhme in abhainn Ljungan agus in áiteanna eile.

Tá an Fhionlainn agus an tSualainn ar aon fhocal freisin gur beart suntasach é an TAC a laghdú go 53 967 mbradán ar mhaithe le stoc bradán a chaomhnú.

Iarrfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis an bhFionlainn agus leis an tSualainn, ar ICES comhairle eolaíoch a chur ar fáil a luaithe is féidir, mar ábhar práinne, maidir leis na bearta bainistíochta atá an Fhionlainn agus an tSualainn réidh le cur i bhfeidhm le haghaidh iascaigh bradán i bhforanna 29N agus 30. Cuirfidh an Fhionlainn agus an tSualainn an fhaisnéis eolaíoch agus an saineolas is gá le haghaidh na comhairle sin ar fáil do ICES agus don Choimisiún. Ar bhonn na comhairle sin ó ICES, tíolacfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra le haghaidh leasú ar an Rialachán maidir le Deiseanna Iascaireachta i Muir Bhailt."

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hiascach áineasa le haghaidh throsc an Iarthair**

"Tá imní i gcónaí ar an Danmhairg, ar an Eastóin, ar an nGearmáin, ar an bPolainn agus ar an tSualainn faoi stádas throsc an Iarthair agus tá siad tiomanta i gcónaí do théarnamh an stoic. Ag an am céanna, aithníonn siad an tábhacht shocheacnamaíoch agus chultúrtha a bhaineann le hiascach áineasa. Iarrann na Ballstáit sin ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar iascach áineasa a athoscailt do throsc an Iarthair i dtograí a bheidh ann amach anseo, a luaithe a cheadóidh an chomhairle eolaíoch teorainn iomchuí ghabhála a thabhairt isteach arís. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar bhearta coiteanna breise maidir le iascach áineasa le haghaidh trosc chun stoc throsc an Iarthair a chosaint, mar shampla íosmhéideanna agus uasmhéideanna tagartha."

**Ráiteas Comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hAirteagal 15(9) den bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le trosc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar in 2024**

"Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc trosc i Muir Bhailt Thoir agus i Muir Bhailt Thiar faoi bhun $B_{lim}$, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht ó bhliain go bliain faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2024. Is freagairt é an gealltanas siúd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do stoic trosc i Muir Bhailt Thoir agus i Muir Bhailt Thiar."

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hAirteagal 15(9) den bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le scadán Mhuir Bhailt Thiar in 2024**

"Ós rud é go bhfuil bithmhais an stoic scadán i Muir Bhailt Thiar faoi bhun $B_{lim}$, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Pholainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht ó bhliain go bliain faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an stoc sin in 2024. Is freagairt é an gealltanas úd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair i gcás stoc scadán Mhuir Bhailt Thiar."

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón bPolainn maidir le hAirteagal 15(9) sa bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le bradán sa phríomh- imchuach in 2024**

"Ós rud é go bhfuil nach mór gach stoc bradáin fhiáin in aibhneacha sna foranna 22-30 go maith faoi bhun $R_{lim}$, agus chun téarnamh na stoc a áirithiú, geallann an Danmhairg, an Eastóin, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn nach mbainfidh siad leas as an tsolúbthacht ó bhliain go bliain faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2024. Is freagairt é an gealltanas sin ar na cúinsí eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic bradán fiáin in aibhneacha i bhforanna 22-30."

**Ráiteas Comhpháirteach ón gCoimisiún, agus ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le malartuithe cuótaí do throsc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar**

"De mheon na dlúthpháirtíochta, féachfaidh Ballstát nach bhfuil iomlán a chuóta foghabhála do throsc Mhuir Bhailt Thoir nó Mhuir Bhailt Thiar ag teastáil uaidh, féachfaidh sé le teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí le Ballstát ar féidir leis a léiriú go mbeidh air dul i ngleic le tachtadh iascaigh mar gheall ar na cuótaí teoranta atá aige do throsc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar."

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón Liotuáin agus ón bPolainn maidir le haistrithe cuótaí na mbradán sa phríomh- imchuach**

"De mheon na dlúthpháirtíochta agus ag aithint na n-iarrachtaí caomhnaithe atá déanta ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn, as ar eascair stoic shláintiúla ina n-uiscí féin, féachfaidh Ballstát nach bhfuil in ann a chuóta iomlán a úsáid do bhradán sa phríomh- imchuach ar an gcuid sin den chuóta nár úsáideadh nó nach féidir a úsáid a aistriú go dtí an Fhionlainn agus/nó an tSualainn."

**Ráiteas comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón nGearmáin maidir leis an rogha tacú le scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta faoin gCiste Eorpach Muirí Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)**

1. "De réir Airteagal 5(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, d'fhéadfaí, faoi choinníollacha áirithe, bearta éigeandála arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas iascaigh a áireamh sna bearta leighis chun críoch Airteagal 5 den Rialachán sin.

2. I bhfianaise mheasúnú na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) ar an trosc agus ar an scadán i bhforanna 22-24, measann an Ghearmáin, dá bhrí sin, gur gá bearta éigeandála a ghlacadh de bhun Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Is é atá sna bearta éigeandála i bhforanna 22-24 do shoithí iascaireachta Gearmánacha tréimhse choiscthe 30 lá a thabhairt isteach chun trosc a chosaint sa bhreis ar an gcosc le linn séasúr sceite trosc a leagtar síos in Airteagal 7(3) den Rialachán lena socraítear do 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt nach mbeidh feidhm ag an díolúine atá in Airteagal 7 (4)(b) lena linn, agus teorainn bhreise 30 lá a chur le hiascach scadán ar lena linn a chuirtear isteach ar an díolúine d'iascach cósta áirithe ar mionscála agus iascach forghabhálacha móra scadán ón toirmeasc díriú ar scadán an iarthair.

3. Tá an Coimisiún agus an Ghearmáin ar aon fhocal go bhfuil an beart éigeandála sin incháilithe do chistiú faoi Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21(2)(c) den Rialachán sin."